Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

**Athscríbhinn den fhíseán**

# Teideal an Fhíseáin: Toradh an Athbhreithnithe ar Chreat na mBeart Morgáiste - Deireadh Fómhair 2022

Tá **athruithe spriocdhírithe** á ndéanamh ag Banc Ceannais na hÉireann ar na **bearta morgáiste**.

Ón 1 Eanáir 2023, méadófar an teorainn ar an gcóimheas iasachta le hioncam do **cheannaitheoirí céaduaire** go dtí **4 oiread a n-ollioncaim**.

Ní bheidh **aon athrú ar an gceanglas le haghaidh éarlais 10%**.

I gcás **ceannaitheoirí nach ceannaitheoirí céaduaire iad**, beidh an teorainn iasachta le hioncam **gan athrú, is é sin a n-ollioncam méadaithe faoi 3.5**.

**Laghdófar** an **ceanglas éarlaise go dtí 10%**.

Beidh iasachtóirí fós ábalta **cion dá n-iasachtú a dhéanamh os cionn na dteorainneacha sin**.

**Vasileios Madouros, Stiúrthóir ar Chobhsaíocht Airgeadais, Banc Ceannais na hÉireann**

Le 18 mí anuas, bhí athbhreithniú cuimsitheach idir lámha againn ar chreat na mbeart morgáiste chun a chinntiú go mbeadh sé oiriúnach don fheidhm amach anseo.

Bhreathnaíomar ar thaithí tíortha eile a bhfuil bearta comhchosúla acu.

Chuamar i mbun rannpháirtíochta le raon leathan páirtithe leasmhara anseo sa bhaile agus thar lear.

Agus, níos tábhachtaí fós, d'éistíomar le tuairimí an phobail agus d'fhoghlaimíomar uathu. Mar ar deireadh thiar, freastalaíonn na bearta seo ar an bpobal.

San athbhreithniú seo, athdhearbhaítear buntáistí na mbeart trí mhargadh morgáiste níos inbhuanaithe a chothú.

Ach, ar ndóigh, tá neart rudaí athraithe freisin ó tugadh na bearta isteach seacht mbliana ó shin.

Tá an córas baincéireachta níos athléimní agus tá laghdú tagtha ar na leibhéil fiachais in earnáil na dteaghlach.

Ag an am céanna, tá praghsanna tithe agus cíosanna ag dul i méid i gcónaí toisc go bhfuil an soláthar tithíochta á shárú ag an éileamh.

I bhfianaise na n-athruithe sin, agus chun go mbeidh na bearta morgáiste oiriúnach don fheidhm amach anseo, tá gá le forbairt a dhéanamh orthu - is é sin an fáth a bhfuil athruithe spriocdhírithe ar na rialacha tugtha isteach againn.

Tá sé seo i gcomhréir lenár sprioc chun cobhsaíocht airgeadais a chosaint, trí athléimneacht fhadtéarmach na dteaghlach agus an gheilleagair a chothú.

**TUILLEADH EOLAIS: centralbank.ie/acbm**